# Líon na Bearnaí

## Sraith 10: Gadaíocht ar an traein.

**Pictiúr 1:**

Chuaigh Úna Ní Mhurchú agus a deirfiúr, Róisin, ar thuras traenach siar go Gaillimh don deireadh seachtaine. Thug a dtuismitheoirí ____________ dóibh go dtí an stáisiún agus d'fhág slán leo ag barr an ardáin. Chinntigh siad go ndeachaaigh siad ar an traein cheart mar bhí dhá thraein ann. Bhí traein Chorcaí istigh chomh maith. Ghuigh an mháthair _________ mór orthu ach thug an t-athair rabhadh dóibh bheith ____________. D'fhreagair Úna iad agus dúirt sí go bhfillfidis ar an Luan. D'ardaigh siad lámh le slán a fhágáil ag a dtuismitheoirí agus chuaigh siad isteach ar an traein.

**Pictiúr 2:**

Bhí an traein plódaithe ach d'éirigh leo dhá shuíochán a fháil os comhair a chéile. Bhí bord eatarthu ar a bhféadfadh Róisín a ríomhaire ___________ a chur ag obair. B'fhearr le hÚna leabhar a léamh. Bhí scleondar orthu araon agus iad ag caint faoin ___________ a bhí rompu, faoi Ghaillimh agus na daoine a chasfaí orthu ansin. Bhí paisinéir eile taobh leo. Fear óg ab ea é, spéaclaí gréine air, gruaig fhionn air ach _________________ dorcha. Bhí t-léine nó geansaí stríocach á chaitheamh aige. Bhí an bheirt chailíní chomh tógtha lena gcomhrá féin nár thug siad faoi ndeara go raibh sparán airgid ag __________ amach as mála Úna a bhí caite ar an mbord os a comhair.

**Pictiúr 3:**

Le linn an turais thit a gcodladh ar Úna agus Róisín. Thapaigh mo dhuine an _------------ chun an sparán a bhí ag gobadh amach as mála Úna a _______________. D'éirigh sé go ciúin fáilí ansin agus d'imigh sé leis go dtí carráiste eile. Níor mhúscail sé na cailíní.

**Pictiúr 4.**

I gceann tamaill nuair a dhúisigh siad thug siad faoi deara nach raibh an sparán sa mhála. Lig Róisín ___________ asti nuair a chonaic sí go raibh an sparán imithe. Ní raibh a fhios acu céard a thárla dó. Arbh é an chaoi gur thit sé amach as an mála? Dá dtitfeadh bheadh sé fós in áit éigin ar an urlár thart timpeall orthu. Thosaigh siad ag ___________. Ach cuardach in aisce ab ea é.

# Líon na Bearnaí

**Pictiúr 5.**

Chuir siad fios ar _______________ na traenach.  Nuair a tháinig sé d'iarr sé orthu cur síos a dhéanamh ar an bpaisinéir eile a bhí ina shuí taobh leo. Chomh maith leis sin d'iarr sé orthu a insint dó cén luach a bhí leis an sparán, cé mhéad airgid a bhí ann, agus mar sin de. Thóg an Cigire Traenach fón póca ina láimh agus chuir sé glao gutháin ar na Gardaí. D'inis sé dóibh go raibh ____________ orthu faoi fhear an gheansaí stríocaigh.  D'iarr sé orthu gardaí a chur chuig stáisiún na Gaillimhe, an chéad staisiún eile, chun go bhféadfaidís breith ar an bpaisinéir a bhí ina shuí taobh leis na cailíní agus é a cheistiú.  Rinne an Cigire cur síos _______ air.  Bhí na Gardaí cinnte go raibh aithne acu féin ar an duine a bhí uathu.

**Pictiúr 6.**

Ar deireadh shroich an traein staisiún na Gaillimhe. Bhí na gardaí ann roimhe. Stop siad an fear leis an ngeansaí stríocach. ______________ siad é. Chuardaigh siad a phócaí agus níorbh fhada gur aimsigh siad an sparán. D'admhaigh sé gur ghoid sé é.  __________ na Gardaí é. Chuir siad glais láimhe air agus thug siad leo é go dtí an bheairic. Tháinig siad ar ais ansin i gceann tamaill chuig na cailíní.  Thug an Garda an ___________ ar ais d'Úna. D'oscail sé é agus thaispeáin sé nach raibh mórán goidte as. D'inis an Garda dóibh gur minic cheana a rinne an gadaí a leithéid. Ghabh na cailíní buíochas leis. Dúirt siad go mbeidis níos cúramaí an chéad uair eile.